# Dáithí lán spraoi tar éis obráid eile

Le Roibeard Mac Maoláin

Níl rud ar bith a léiríonn lúcháir an tsaoil seo ná aoibh gháire Dháithí Mhic Gabhann.

Is cuma cá mhéad uair a théann Dáithí faoi scian na **máinlianna** croí, i ndiaidh dó teacht chuige féin, bunús an ama, bíonn gliondar air.

Agus sin mar a bhí an gasúr ocht mbliana d'aois a bhfuil galar croí air nuair a chuaigh sé a chodladh in **obrádlann** Otharlann Freeman in Newcastle Upon Tyne i Sasana don obráid is déanaí ina shaol gairid cé nach bhfuil an pictiúr iomlán ag an teaghlach faoin riocht ina bhfuil Dáithí i láthair na huaire, mar a mhínigh a athair do Seachtain Dé Luain.

"Ní bheidh toradh na hobráide againn go ceann míosa," arsa Máirtín, "ach an rud is tábhachtaí linne ná gur tháinig sé fríd agus go bhfuil sé slán sa bhaile againn.

"Ach an deacracht atá i gcónaí ann ná cé gur beag an chontúirt a bheadh leis an obráid seo don ghnáthdhuine, do leithéidí Dháithí nach bhfuil aige ach leathchroí, bíonn cuid mhór rioscaí ann agus cuid mhór contúirtí ann dó," ar sé.



### FOCLÓIRÍN

**máinlianna:** surgeons
**obrádlann:** theatre

Tá riosca ann do Dháithí taisteal go Newcastle féin, an turas agus an strus ag cur isteach ar a chroí ach tuigeann muintir Mhic Gabhann gurb é an rud is fearr do Dháithí é agus tá ardmholadh acu d'fhoireann an Freeman, an t-aon ospidéal a bhí sásta glacadh leis an Ghael óg mar othar.

"Ní ghlacfadh ionad trasphlandaithe ar bith eile le Dáithí mar tá a chás chomh casta sin agus tá muid thar a bheith buíoch den fhoireann ansin as dóchas éigin a thabhairt dúinn.

"An iarraidh seo, bhí siad ag iarraidh fáil amach cad é a bhí ag dul ar aghaidh leis an chroí agus an mbeadh corp Dháithí in ann glacadh le croí úr," a mhínigh Máirtín.

"Bhí siad ag iniúchadh an raibh bealach ar bith le cuidiú leis an fhuil agus leis an ocsaigin dul thart ina chorp ach is sna comhráití ionraice a bhíonn againn leis na dochtúirí a fhaigheann muid amach chomh tromchúiseach is atá cás Dháithí," arsa Máirtín.



Ordóga suas: Aoibh an gháire ar Dháithí tar éis na hobráide agus, ar chlé, é ag dul ar an eitleán

Ach sin ráite, feiceann tú a shúile geala agus an aoibh sin gháire agus feiceann tú an dóchas agus an mhian atá aige gan ach saol normálta a chaitheamh. Ach mar a deir Máirtín, tá troid Dháithí taobh istigh. "Sa tsaol gach lá, thig linn fadhbanna ár mic a cur ar leataobh ar dhóigh ach in Newcastle, bíonn na comhráite leis na dochtúirí agus na speisialtóirí chomh deacair sin.

"Fiú i ndiaidh croí úr a fháil, beidh streachtailtí eile aige," ar sé.

Ar an chéad lá de mhí an Mheithimh, beidh Dáithí seacht mbliana ar an liosta feithimh do chroí úr, cloch mhíle bhrónach ar an bhealach chun na sláinte.

Ta tuilleadh eolais ar chás Dháithí ar Facebook, Donate4Dáithí.

An Bord Pleanála

## Achtanna na mBóithre, 1993 go 2015
## Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2022

**ABP-317660-23**

**Fógra i dtaobh cinneadh ón mBord Pleanála i ndáil leis an Scéim Croíchonair Bus ó Chamaigh go Lár na Cathrach atá beartaithe, ar i gContae Bhaile Átha Cliath dóibh uile.**

Rinne an Bord Pleanála, an 12 Bealtaine 2025, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a dhílsítear dó le halt 51 d'Acht na mBóithre, 1993, arna leasú, ordú chun an bóthar beartaithe arna chur isteach ag an Údarás Náisiúnta Iompair a cheadú faoi réir coinníollacha.

**Achoimrítear coinníollacha chinneadh an Bhoird mar a leanas:**

1. Déanfar an fhorbairt bhóthair bheartaithe a sheoladh agus a chur i gcrích i gcomhréir leis na pleananna agus na sonraí a taisceadh i dteannta an iarratais, seachas de réir mar is gá ar shlí eile chun na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh.
2. Cuirfear chun feidhme ina n-iomláine mar chuid den fhorbairt bheartaithe na bearta maolaithe agus na gealltanais chomhshaoil atá i Ráiteas Tionchair Natura a cuireadh isteach.
3. Cuirfear chun feidhme na bearta maolaithe agus na gealltanais chomhshaoil uile atá sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a cuireadh isteach.
4. Comhaontófar láthair agus cineál deiridh na seastán páirceála rothar ar fud na scéime i scríbhinn leis an údarás pleanála.
5. Déanfaidh an forbróir mionsonraí faoi dhearadh agus leagan amach beacht na dtrasrianta coisithe thar raonta rothar ag stadanna bus oileáin a chomhaontú i scríbhinn leis an údarás pleanála.
6. Ullmhóidh an forbróir Plean Bainistíochta Comhshaoil Tógála nuashonraithe ina gcuimseofar na bearta maolaithe uile atá curtha in iúl i Ráiteas Tionchair Natura agus sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus ina léireofar tograí atá ceaptha chun cloí leis an dea-chleachtas agus le prótacail.
7. Ceapfaidh an conraitheoir éiceolaí agus, i gcás gur cuí, déanfaidh speisialtóirí faireachán. Cuirfear na sceidil faireacháin ar áireamh i Ráitis faoi Chosaint Gnáthóg agus faoi Mhodhanna Athshuite atá Sonrach don Láithreán.
8. (a) Déanfar na crainn atá le leagan a scrúdú sula ndéanfar iad a leagan agus a scartáil chun a shuí an bhfuil faraí ialtóg i láthair iontu nó nach bhfuil.
   (b) Ní dhéanfar aon ghlanadh talún, agus ní ghlanfar aon fhásra ón 1ú lá de mhí an Mhárta go dtí an 31ú lá de mhí Lúnasa, mura gcomhaontaítear a mhalairt leis an údarás pleanála.
9. Cuirfidh an forbróir Plean Bainistíochta Speiceas Ionrach faoi bhráid an údaráis pleanála.
10. Cuirfear mionsonraí faoin gcóras beartaithe soilsithe phoiblí atá ceaptha chun freastal ar an scéim bheartaithe faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar iad i scríbhinn leis.
11. Cuirfidh an forbróir Plean Bainistíochta Tráchta Tógála agus Plean Bainistíochta Soghluaisteachta don Chéim Tógála isteach do chéim tógála na forbartha lena gcomhaontú i scríbhinn ag an údarás pleanála.
12. Cuirfidh an forbróir plean isteach le haghaidh trasrian uasghrádaithe coisithe ar a mbeidh ardán ardaithe agus a oibreoidh mar "thrasrian cúirtéise" lena chomhaontú i scríbhinn ag an údarás pleanála. Beidh an trasrian sin lonnaithe sa chúinne thiar theas de Pháirc Chrois Araild, áit a gceanglaíonn an bóthar ceangail gearr le Bóthar Chamaí Íochtarach, ag an mbealach isteach sa pháirc.
13. Cuirfidh an forbróir plean isteach do dhearadh mullard nó rogha eile amhail soithí plandaí ar Bhóthar Loch Dairbhreach ag (i) Bóthar Loch Coirib, ag (ii) Bóthar Loch nEathach agus Céide Éadaoin, agus ag (iii) Ascaill Chnocán Tallant, lena chomhaontú i scríbhinn ag an údarás pleanála.
14. Na hoibreacha uile ar dhéanmhais chosanta agus ar dhéanmhais is díol spéise ó thaobh na hoidhreachta cultúrtha, déanfaidh Speisialtóir Caomhantais Ailtireachta faireachán agus taifeadadh orthu. Cuirfear Ráitis faoi Mhodhanna Athshuite faoi bhráid an údaráis pleanála lena gcoimeád ar comhad.
15. Déanfaidh an forbróir na nithe seo a leanas:
   (a) seandálaí atá cáilithe go cuí a fhostú, a dhéanfaidh faireachán ar na himscrúduithe láithreáin uile agus na hoibreacha tochailte uile eile, agus
   (b) socruithe a sholáthar le haghaidh taifeadadh agus baint a dhéanamh ar aon ábhar seandálaíochta is cuí leis an údarás áitiúil a bhaint. Cheal comhaontú ar aon cheann de na ceanglais sin, tarchuirfear an ní chuig an mBord Pleanála.
16. Déanfaidh an forbróir faireachán ar thorann le linn na céime tógála den fhorbairt bóthair bheartaithe chun a chinntiú nach rachaidh leibhéil tairsí torainn tógála (tréimhse LAeq) thar na leibhéil atá leagtha amach sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta.
17. Sula ndéanfar crainn, fálta agus plandaí atá le baint a athsholáthar, déanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair idirchaidreamh leis an úinéir talún iomchuí maidir le speiceas, méid agus láthair an fhásra athsholáthair ar fad, agus fostóidh sé crannadóir agus Ailtire Tírdhreacha chun comhairle a thabhairt maidir le hoibreacha tírdhreachaithe agus crainn.
18. (a) Comhlíonfaidh socruithe draenála ceanglais an údaráis pleanála le haghaidh oibreacha den sórt sin.
   (b) Déanfar aon sruthanna éalaithe nua nó feabhsaithe uisce dromchla a thógáil ar bhealach a gcosnóidh gnáthóga bruachánacha.
19. Déanfar comhaontú i scríbhinn idir an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus an t-údarás pleanála maidir leis na nósanna imeachta le haghaidh an chroíchonair bus a ghlacadh agus a thabhairt ar ais agus maidir leis na socruithe le haghaidh glacadh faoi chúram.

Is féidir amharc ar théacs iomlán an chinnidh ón mBord, lena n-áirítear coinníollacha, ar shuíomh Gréasáin an Bhoird ag https://www.pleanala.ie/en-ie/case/317660. Beidh cóip den chinneadh ón mBord agus den Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta ar fáil le hiniúchadh in oifigí an Údaráis Náisiúnta Iompair le linn uaireanta oifige ar laethanta oibre go ceann tréimhse ocht seachtaine dar tosach dáta foilsithe an fhógra seo.

Féadfaidh duine bailíocht aon chinnidh ón mBord a cheistiú trí bhíthin iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach, faoi Ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna (I.R. Uimh. 15 de 1986), de réir alt 50 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú.

Féadfar faisnéis phraiticiúil faoin sásra athbhreithnithe a rochtain faoin gceannteideal "Fógraí Dlí – Fógra maidir le hAthbhreithniú Breithiúnach" ar shuíomh Gréasáin an Bhoird ag www.pleanala.ie nó ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse um Fhaisnéis do Shaoránaigh ag www.citizensinformation.ie.

**Dáta foilsithe: 28 Bealtaine2025.**